| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An maith leat torthaí?<br>Is maith / Ní maith | Do you like fruit?<br>Yes / No |
| | Cén saghas bia is fearr leat?<br>Cén saghas bia is ansa leat?<br>Is maith liom iasc.<br>Is breá liom iasc.<br>Is fearr liom feoil.<br>Ní maith liom brocailí.<br>Is fuath liom brocailí. | What kind of food do you prefer?<br>What's your favorite kind of food?<br>I like fish.<br>I love fish<br>I prefer meat.<br>I don't like broccoli.<br>I hate broccoli. |
| **2.** | Cén caitheamh aimsire atá agat?<br>Cad is maith leat a dhéanamh?<br>Is maith liom péinteáil.<br>Is maith liom (a) bheith ag péinteáil. | What pastime do you have?<br>What do you like to do?<br>I like painting.<br>I like to paint. |
| **3.** | An maith leat breathnú ar an teilifís?<br>An maith leat bualadh le do chairde?<br>An maith leat éisteacht le ceol?<br>An maith leat a bheith ag caint ar an bhfón? | Do you like watching television?<br>Do you like meeting your friends?<br>Do you like listening to music?<br>Do you like talking on the phone? |
| **4.** | Cad is maith leat a ól?<br>An maith leat caife a ól?<br>An maith leat a bheith ag ól caife?<br>An maith leat peil a imirt?<br>An maith leat a bheith ag imirt peile? | What do you like to drink?<br>Do you like to drink coffee?<br>Do you like drinking coffee?<br>Do you like to play football?<br>Do you like playing football? |
| **5.** | Cé acu is fearr leat, peil nó iománaíocht?<br>Is fearr liom peil.<br>Is maith liom iad araon.<br>Ní maith liom ceachtar acu.<br>Is cuma liom iad araon. | Which do you prefer, football or hurling?<br>I prefer football.<br>I like them both.<br>I don't like either of them.<br>I don't care for either of them. |
| **6.** | Cé acu ab fhearr leat, dul ag snámh nó dul ag rith?<br>B'fhearr liom dul ag snámh.<br>Níor mhaith liom ceachtar acu a dhéanamh. | Would you rather go swimming or go running?<br>I'd rather go swimming.<br>I wouldn't like to do either of them. |
| **7.** | Ar thaitin do bhricfeasta leat?<br>Thaitin. / Níor thaitin. | Did you like your breakfast?<br>Yes / No |
| | An dtaitníonn do chuid oibre leat?<br>Taitníonn. / Ní thaitníonn. | Do you like your work?<br>Yes / No |